**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 232/2022**

**an 23 Meán Fómhair 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/761]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/195 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2022 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 a mhéid a bhaineann leis an doiciméad faisnéise, na deimhnithe ar cheadú feithicle, an bhileog torthaí tástála agus na deimhnithe comhréireachta i bhformáid pháipéir ([1]), arna cheartú le IO L 89, 17.3.2022, lch. 10, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 51a (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

', arna leasú le:

— **32022 R 0195**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/195 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2022 (IO L 31, 14.2.2022, lch. 27), arna cheartú le IO L 89, 17.3.2022, lch. 10.'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2022/195, arna cheartú le IO L 89, 17.3.2022, lch. 10, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 52/2022 ó Chomhchoiste LEE an 18 Márta 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 31, 14.2.2022, lch. 27.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L 182, 7.7.2022, lch. 24.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*Kristján Andri* STEFÁNSSON